Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

**PREASEISIÚINT Uimh. 19/22**

Lucsamburg, an 27 Eanáir 2022

Preas agus Eolas

Tuairim an Abhcóide Ghinearálta i gCás C-817/19
Ligue des droits humains

**De réir an Abhcóide Ghinearálta Pitruzzella, tá aistriú agus próiseáil uathoibrithe, ginearálaithe agus neamh-idirdhealaitheach ar sonraí PNR ag luí leis na cearta bunúsacha chun príobháideachais agus chun sonraí pearsanta a chosaint.**

*Os a choinne sin, níl údar maith le sonraí PNR a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach i bhfoirm nach bhfuil anaithnidithe ach amháin i bhfianaise bagairt thromchúiseach, dáiríre agus láithreach nó intuartha do shlándáil na mBallstát, agus ar an gcoinníoll go bhfuil fad na coinneála sin teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis.*

*Ina theannta sin, ní chomhlíonann aistriú sonraí faoin gceannteideal "barúlacha ginearálta" dá bhforáiltear sa Treoir maidir le PNR na ceanglais maidir le soiléireacht agus beachtas a cheanglaítear leis an gCairt.*

Is gné thábhachtach é úsáid sonraí PNR sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus na coireachta tromchúiseach. Chuige sin, ceanglaítear leis an Treoir PNR [1] go ndéanfaí próiseáil chórasach ar mhéid suntasach sonraí faoi aerphaisinéirí a thagann isteach agus a fhágann an tAontas (92). Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 2 den Treoir seo go bhféadfaidh na Ballstáit é a chur i bhfeidhm freisin ar eitiltí laistigh den AE (197).

Is comhlachas neamhbhrabúis é an Ligue des droits humains (LDH) a thug caingean le haghaidh neamhniú os comhair na Cúirte Bunreachtúla (an Bheilg) i mí Iúil 2017 in aghaidh dhlí an 25 Nollaig 2016, a thrasuí na Treoracha PNR agus APIS [2] i ndlí na Beilge. De réir an LDH, sáraítear na cearta chun príobháideachais, agus chun sonraí pearsanta a chosaint leis an dlí seo, cearta a ráthaítear faoi dhlí na Beilge agus i ndlí an Aontais. Cáineann siad, ar thaobh amháin, nádúr an-leathan na sonraí PNR agus, ar an taobh eile, nádúr ginearálta bhailiú, aistriú agus próiseáil na sonraí sin. Dar leo, bhainfeadh an dlí seo freisin de shaorghluaiseacht daoine trí rialuithe teorann a athbhunú go hindíreach tríd an gcóras PNR a leathnú chuig eitiltí laistigh den AE.

I mí Dheireadh Fómhair 2019, tharchuir an Chúirt Bhunreachtúil deich gceist ar aghaidh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú ar bhailíocht agus ar léirmhíniú na dTreoracha PNR agus API, agus maidir le léirmhíniú an RGCS freisin [3].

Ina Thuairim a thug sé inniu, luann an tAbhcóide Ginearálta Giovanni Pitruzzella, ar an gcéad dul síos, i gcás ina dtionscnaíonn beart reachtach de chuid an Aontais bearta a chuireann isteach ar chearta bunúsacha arna mbunú le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt"), **is faoi reachtóir an Aontais** atá sé **na heilimintí sár-riachtanacha** a shainíonn raon feidhme na baic sin a chinneadh. Ar an dara dul síos, meabhraíonn sé nach mór forálacha lena gceanglaítear

[1] Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 2016, lch. 132).

[2] Treoir 2004/82/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an oibleagáid ar iompróirí sonraí paisinéirí a chur in iúl (IO L 2004, lch. 24).

[3] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 2016, lch. 1).

nó lena gceadaítear sonraí pearsanta daoine nádúrtha a chur in iúl do thríú páirtí, amhail údarás poiblí, a bheith cáilithe, in éagmais toiliú na ndaoine nádúrtha sin agus beag beann ar úsáid na sonraí atá i gceist, mar bhac ar a saolta príobháideacha chomh maith le bac ar an gceart bunúsach chun sonraí pearsanta a chosaint [4] (65). Ní féidir údar a thabhairt do bhac den sórt sin ach amháin má fhoráiltear dó sa dlí, go n-urramaítear inneachar sár-riachtanach na gceart sin agus, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, go bhfuil gá leis agus má chomhlíonann sé go héifeachtach cuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas nó an gá atá le cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

Maidir leis, ar an gcéad dul síos, na sonraí pearsanta a gceanglaítear ar aeriompróirí a aistriú chuig Aonaid um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí (PIU) i gcomhréir leis an Treoir PNR, tugann an tAbhcóide Ginearálta dá haire go mbraitheann scála agus tromchúis an bhaic ar chearta bunúsacha chun príobháideachais, agus chun sonraí pearsanta a chosaint a bhaineann le beart lena dtugtar isteach na baic ar fheidhmiú na gceart sin, ar an gcéad dul síos, ar a mhéid agus ar chineáil na sonraí is ábhar don phróiseáil (125). Is oibríocht fhíor-riachtanach, dá bhrí sin, sonraí den sórt sin a shainaithint, nach mór d'aon bhunús dlí a thugann isteach beart den sórt sin a chur i gcrích chomh soiléir agus chomh beacht agus is féidir. Tar éis a thabhairt faoi deara **nach gcomhlíonann** úsáid catagóirí ginearálta faisnéise, nach gcinntear go leordhóthanach cineál agus méid na sonraí atá le haistriú, **na ceanglais maidir le soiléireacht agus beachtas** a leagtar síos sa Chairt (126). Tagann an tAbhcóide Ginearálta ar an gconclúid **go bhfuil pointe 12 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an treoir sin neamhbhailí** a mhéid a áirítear leis an bhforáil sin, i measc na gcatagóirí sonraí atá le haistriú, an ceannteideal "barúlacha ginearálta", atá beartaithe chun an fhaisnéis uile a bhailíonn aeriompróirí a chlúdach le linn a ngníomhaíochtaí soláthair seirbhísí, chomh maith leis na cinn a liostaítear go sainráite sna pointí eile den Iarscríbhinn sin.

Don chuid eile, tugann an tAbhcóide Ginearálta i bhfios go láidir go bhfuil na sonraí a gceanglaítear ar aeriompróirí a aistriú chuig PIU, de bhun na Treorach PNR, **leormhaith, ábhartha agus teoranta maidir leis na críocha** a shaothraítear leis an Treoir sin, agus **nach dtéann a raon feidhme thar an méid riachtanach chun na críocha sin a bhaint amach** (171). Measann sé freisin go bhfuil **coimircí leordhóthanacha** timpeall ar an aistriú sin atá dírithe, ar thaobh amháin, ar a áirithiú nach n-aistrítear ach na sonraí **dá dtagraítear go sainráite** agus, ar an taobh eile, ar **shlándáil** agus **rúndacht** na sonraí a aistrítear a áirithiú (167). Tugann an tAbhcóide Ginearálta le fios freisin go leagtar síos sa Treoir PNR **toirmeasc ginearálta ar phróiseáil sonraí íogaire**, lena n-áirítear iad a bhailiú (174), ionas go soláthraítear leis an gcóras PNR **coimircí leordhóthanacha** chun an fhéidearthacht a eisiamh, ag gach céim de phróiseáil na sonraí a bhailítear, go bhféadfaidh an phróiseáil sin tréithe cosanta a chur san áireamh go díreach nó go hindíreach (179).

Os a choinne sin, measann an tAbhcóide Ginearálta go bhfuil nádúr ginearálaithe agus neamh-idirdhealaitheach aistriú sonraí PNR agus measúnú roimh ré ar aerphaisinéirí trí bhíthin próiseála uathoibrithe ar shonraí den sórt sin ag luí le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt, a chumhdaíonn na cearta bunúsacha chun meas ar an saol príobháideach agus chun sonraí pearsanta a chosaint. Ina leith sin, measann sé go háirithe nach bhfuil cásdlí na Cúirte maidir le coinneáil sonraí agus rochtain ar shonraí in earnáil na cumarsáide leictreonaí [5] inaistrithe chuig an gcóras dá bhforáiltear sa Treoir PNR. Tugann sé dá aire freisin go nglacfar le córas chun sonraí PNR a phróiseáil arna gcomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais, le haghaidh eitiltí lasmuigh den AE agus, i gcás na Stát sin a bhain úsáid as Airteagal 2 den Treoir PNR, le haghaidh eitiltí laistigh den AE, go bhféadfar a áirithiú go ndéanfar sonraí den sórt sin a phróiseáil i gcomhréir leis an ardleibhéal cosanta do na cearta bunúsacha a leagtar amach in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 den Chairt a leagtar síos leis an Treoir sin.

---

[4] Féach, go háirithe, breithiúnas an 18 Meitheamh 2020, *an Coimisiún* v *an Ungáir*, C-78/18, (pointe 124 agus an cásdlí a luadh) chomh maith le Preaseisiúint, Uimh. 73/20.

[5] Féach go háirithe breithiúnais an 21 Nollaig, 2016, *Télé2 Sverige*, C-203/15, agus C-698/15 ( (féach freisin Preaseisiúint Uimh. 145/16), agus an 6 Deireadh Fómhair, 2020, *La Quadrature du Net agus daoine eile*, C-511/18, C-512/18 agus C-520/18 (féach freisin Preaseisiúint Uimh. 123/20).

Ar bhonn níos ginearálta, cuireann an tAbhcóide Ginearálta béim a ríthábhachtaí, i gcomhthéacs an chórais maidir le coimircí arna mbunú leis an Treoir PNR, is atá an mhaoirseacht a dhéanann **údarás maoirseachta neamhspleách**, a bhfuil an c**humhacht aige dlíthiúlacht na próiseála sin a fhíorú**, **fiosrúcháin, cigireachtaí agus iniúchtaí a dhéanamh**, agus **gearáin a láimhseáil arna dtaisceadh ag aon duine is ábhar do na sonraí.** I ndáil leis sin, sonraíonn sé go bhfuil sé sár-riachtanach go n-aithneodh na Ballstáit, agus an Treoir seo á trasuí sa dlí náisiúnta, **méid iomlán na gcumhachtaí sin** dá n-údarás maoirseachta náisiúnta trí na hacmhainní ábhartha agus pearsanta a sholáthar dó is gá chun a gcúraim a chomhlíonadh (202).

Maidir le measúnú roimh ré ar aerphaisinéirí ach go háirithe, ar an gcéad dul síos, is í an chomparáid idir sonraí PNR le bunachair shonraí atá ábhartha maidir le cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh an chéad ghné den mheasúnú sin. De réir an Abhcóide Ghinearálta ní mór coincheap na **"bunachair shonraí ábhartha"** a léirmhíniú i gcomhréir leis na ceanglais maidir le soiléireacht agus beachtas a cheanglaítear leis an gCairt agus i bhfianaise chuspóirí Threoir PNR (212). Dar leis, ní mór an coincheap seo a léirmhíniú mar ní a fholaíonn ach bunachair shonraí náisiúnta arna mbainistiú ag na húdaráis inniúla, chomh maith le bunachair shonraí an Aontais agus na cinn idirnáisiúnta arna n-oibriú go díreach ag na húdaráis sin faoi chuimsiú a gcúraimí, sa bhreis ar an bhfíric nach mór iad a bheith **bainte go díreach agus go dlúth le críocha an chomhraic i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus na coireachta tromchúisí arna saothrú leis an Treoir PNR**, a thugann le tuiscint gur chun na gcríoch sin a forbraíodh iad (214). Ar an dara dul síos, maidir le próiseáil uathoibrithe ar shonraí PNR i gcoinne critéar réamhbhunaithe, arb ionann é agus an dara cuid den réamh-mheasúnú sin, measann an tAbhcóide Ginearálta, go háirithe, nach féidir próiseáil den sórt sin a dhéanamh trí córais hintleachta saorga um fhoghlaim uathoibríoch, rud nach féidir a bheith eolach ar na cúiseanna ba chúis leis an algartam meaitseáil dhearfach a bhunú.

Ar an tríú dul síos, maidir leis an gceist: an gcoisceann dlí an Aontais reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear do thréimhse coinneála ginearálta cúig bliana do shonraí PNR, gan idirdhealú a dhéanamh maidir le cé acu an gcinntear, i gcomhthéacs an réamh-mheasúnaithe, gur dócha nó nach dócha go mbeidh riosca do shábháilteacht an phobail i mbaol do na paisinéirí lena mbaineann (229). Molann an tAbhcóide Ginearálta gur cheart an Treoir PNR a léirmhíniú, i gcomhréir leis an gCairt, mar ní a chiallaíonn sé go gceadaítear sonraí PNR arna soláthar ag aeriompróirí don PIU a choinneáil ar feadh tréimhse chúig bliana, **tar éis an mheasúnú roimh ré a dhéanamh, ach amháin a mhéid a shuítear, ar bhonn critéar oibiachtúil, go bhfuil baint ag na sonraí sin leis an gcomhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta nó na coireachta tromchúisí** (240). Ní féidir údar a thabhairt le sonraí PNR a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach i bhfoirm nach bhfuil anaithnidithe **ach amháin i bhfianaise bagairt thromchúiseach ar shlándáil na mBallstát atá dáiríre agus láithreach nó intuartha do shlándáil na mBallstát,** atá nasctha, mar shampla, le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta, agus **ar an gcoinníoll go bhfuil fad na coinneála sin teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis** (240).

---

**TABHAIR FAOI DEARA:** Níl Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais. Tá sé de chúram ar na hAbhcóidí Ginearálta réiteach dlíthiúil a mholadh don Chúirt, go hiomlán neamhspleách, ar na cásanna a bhfuil siad freagrach astu. Tá Breithiúna na Cúirte ag cur tús lena bpléití sa chás seo anois. Tabharfar breithiúnas ar dháta níos déanaí.

**TABHAIR FAOI DEARA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an breith sin ina cheangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

---

*Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.*

*Foilsítear téacs iomlán na Tuairime ar shuíomh CURIA lá an fhógartha.*

*Uimhir theagmhála don phreas: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355.*

*Tá pictiúir de léamh na Tuairime ar fáil ar "Europe by Satellite" ☎ (+32) 2 2964106*